

Rainn agus Amhráin 2


Séideán Sí



Rainn agus Amhráin 2

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc
na Gaeilge a thiomsaigh

Peter Donnelly agus
The Cartoon Saloon a mhaisigh

 AN GÚM

Baile Átha Cliath

An chéad eagrán 2006

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2006

Athchló 2013

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a thiomsaigh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Peter Donnelly agus The Cartoon Saloon

PB Print a chlóbhuail in Éirinn

Tugtar aitheantas do na foinsí seo a leanas ina bhfuarthas cuid de na rainn agus na hamhráin sa leabhar seo:

Ceol na Nollag (Cló Chaisil, 2002)

'An Drumadóirín'

A Stór's a Stóirín le Pádraigín Ní Uallacháin agus Garry Ó Briain (Gael Linn, 1994)

'An Leabh Nua'

An Gúm, 24–27 Sráid Fhredric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

Clár

An dtiocfaidh tú liom?	4
Mo Dheirfiúirín Bheag	6
Cad é atá istigh sa veain?	8
San Nioclás	10
An Drumadóirín	12
Seachain an Crogall!	14
Ar Maidin	16
An Fathach Fíochmhar	18
Síofra Sióg	20
Téann Cáit go dtí an Naíonra	22
Na Droichid Arda	24
An Leanbh Nua	26
Ríonaí	28
Sa Zú	30



An dtiocfaidh tú liom?

An dtiocfaidh tú liom go dtí an zú?

Cífidh tú dobhareach is cangarú,

Camall le cruit air,

Is crogall mór,

Is séabra le stríocaí

Bána is dubha.





Tiocfaidh mé leat go dtí an zú.
Cífidh mé dobhareach is cangarú,
Camall le cruit air,
Is crogall mór,
Is séabra le stríocaí
Bána is dubha.
Seo linn anois go dtí an zú!






Mo Dheirfiúirín Bheag

Tá deirfiúirín bheag agam,
Sa chliabhán ina luí.
Ní chorraíonn sí ar chor ar bith,
Go dtagann lár na hoíche.





Ansin bíonn sí ag scréachaíl,
Ag caoineadh is ag geonaíl.
Cuirim mo chloigeann faoi
na héadaí,
Is ansin ní chloisim í!





Cad é atá istigh sa veain?

Cad é atá istigh sa veain?
Istigh sa veain, istigh sa veain?

Cad é atá istigh sa veain
Agus é ag gabháil síos an bóthar?



Teileafón is bosca lóin,
Cliabhán deas don bhabaí,
Cúpla clog, bréagán bog,
Agus mála scoile Róisín.





Planda glas, pictiúr deas,
 Slipéirí is pitseámaí, ó,
 Cóta bán le pócaí lán,
 Agus steiteascóp le Mamaí.



Teilifís is dlúthdhioscaí,
 Ríomhaire agus hataí, ó,
 Cathaoir, stól, bosca ceoil,
 Agus bróga peile Dhaidí!



A scroll with text on a winter night background. The scroll is unrolled and has a yellowish-tan color. The background is a dark blue night sky with white stars and snowflakes. In the background, there are silhouettes of buildings, including a house with a chimney and a factory with two chimneys. The scroll is positioned in the center of the page.

San Nioclás

San Nioclás, San Nioclás,
Thuas ar an teach.

Déan deifir, déan deifir,
Déan deifir isteach.

Oscail do mhála,
Do mhála mór lán,
Is líon suas mo stoca
Le cúpla bréagán.





An Drumadóirín



Tar, a dúirt siad liom, pa-ru-pa-pum-pum,
Go bhfeicir Rí óg nua, pa-ru-pa-pum-pum,
Chun bronntanas thar barr,
pa-ru-pa-pum-pum,
A chur os comhair an Rí, pa-ru-pa-pum-pum,
Ru-pa-pum-pum, ru-pa-pum-pum,
Ómós a thabhairt do Dhia,
pa-ru-pa-pum-pum,
Sin a bhfuil uaim.





A Íosa, a Rí na nDúl, pa-ru-pa-pum-pum,
Is buachail bocht mé, pa-ru-pa-pum-pum,
Níl féirín agam Duit, pa-ru-pa-pum-pum,
Ná rud le bronnadh Ort, pa-ru-pa-pum-pum,
Ru-pa-pum-pum, ru-pa-pum-pum,
Ach seinneadh séis Duit, pa-ru-pa-pum-pum,
Ar an drum’.

Bhí Muire sásta liom, pa-ru-pa-pum-pum,
An bhó is an t-asal leis, pa-ru-pa-pum-pum,
Sheinneas mo dhruma Dó, pa-ru-pa-pum-pum,
B’shin é mo dhícheall Dó, pa-ru-pa-pum-pum,
Ru-pa-pum-pum, ru-pa-pum-pum,
Do dhein gealgháire liom, pa-ru-pa-pum-pum,
Mise is an drum’.



Seachain an Crogall!

Tá crogall san uisce,
Nach gránna é!
Itheann sé páistí,
Le haghaidh an tae.
Dia duit, a chrogaill,
Ná maraigh mé!
An ligfidh tú trasna
na habhann mé?





Ar Maidin

‘Cad é a tharla duit, a Chití?’

A d’fhiafraigh Mamaí di ar maidin.

‘Ghortaigh mé mo chos,’ ar sí,

‘Is ní bheidh mé ag gabháil
ar scoil.’



‘Cad é a tharla duit, a Chití?’


A d’fhiafraigh Daidí di ar maidin.

‘Ghortaigh mé mo lámh,’ ar sí,

‘Is ní bheidh mé ag gabháil
ar scoil.’

‘Cad é a tharla duit, a Chití?’
A d’fhiafraigh Pól di ar maidin.
‘Ghortaigh mé mo ghlúin,’ ar sí,
‘Is ní bheidh mé ag gabháil
ar scoil.’

Ghortaigh tú do chos.
Ghortaigh tú do ghlúin.
Ghortaigh tú do lámh,
Is beidh tú ag gabháil ar scoil!





An Fathach Fíochmhar



Fathach fíochmhar is fuadar faoi,
Níl sé ag teacht le bheith ag spraoi.

Súile dearga, fiacla géara,
Béarfaidh sé ortsa, cinnte béarfaidh.

Fí fó fum,
A deireann sé.

Tá páiste uaim,
I gcomhair an tae.

Fí fó fum,
Tá fuadar faoi.
Béarfaidh sé ort,
A haon, a dó, a trí.








Síofra Sióg

Síofra Sióg ag eitilt thuas sa spéir,
Tháinig sí chugam is mé
sa leaba aréir.

Bhí a fhios aici
Go raibh mé ag fanacht léi,
Ó chaill mé fiacail
Tráthnóna inné.





Síofra Sióg ag eitilt thuas sa spéir,
Tháinig sí chugam is mé
sa leaba aréir.

M'fhiacail faoin bpiliúr,
Is mé féin i mo luí.
Airgead ina lámh aici,
A haon, a dó, a trí.

Síofra Sióg ag eitilt thuas sa spéir,
Tháinig sí chugam is mé
sa leaba aréir.

Thug sí léi m'fhiacail,
Is labhair sí go séimh,
Is nuair a fuair mé an t-airgead,
Bhí mé sásta liom féin.



Téann Cáit go dtí an Naíonra

Téann Cáit go dtí an naíonra
gach aon lá.



Téann Cáit go dtí an naíonra
gach aon lá.



Téann Cáit go dtí an naíonra.
Téann Cáit go dtí an naíonra.



Téann Cáit go dtí an naíonra
gach aon lá.



Yipí aighe-aighe-yipí, is maith léi é,

Yipí aighe-aighe-yipí, is maith léi é,

Yipí aighe-aighe-yipí,

yipí aighe-aighe-yipí,

Yipí aighe-aighe-yipí, is maith léi é.





Bíonn sí ag imirt leis
na bréagáin sa naíonra.

Bíonn sí ag imirt leis
na bréagáin sa naíonra.

Bíonn sí ag imirt leis na bréagáin,
ag imirt leis na bréagáin,

Ag imirt leis
na bréagáin sa naíonra.





Na Droichid Arda

Seo í Nóirín lena cairde,
Seo í Nóirín lena cairde,
Seo í Nóirín lena cairde,
Ag imirt lena cairde.

An bhfuil sí istigh nó an bhfuil sí
amuigh?

An bhfuil sí istigh nó an bhfuil sí
amuigh?

An bhfuil sí istigh nó an bhfuil sí
amuigh?

Inis dom, a chairde.



Dia duit, a Róisín,
cad é mar atá tú?

Dia duit, a Róisín,
cad é mar atá tú?

Dia duit, a Róisín,
cad é mar atá tú?

An imreoidh tú liomsa inniu?



An Leanbh Nua



Fuair mo mhamaíse leanbh beag nua,
Leanbh beag nua, leanbh beag nua.
Fuair mo mhamaíse leanbh beag nua,
An leanbh is deise in Éirinn.



Luífidh an leanbh
ina chodladh go sámh,
Ina chodladh go sámh,
ina chodladh go sámh.

Luífidh an leanbh
ina chodladh go sámh,
Ina chliabhán go bog
is go séimh caoin.




Seoithín, a leanbh, ó oíche go lá,
Ó oíche go lá, ó oíche go lá.
Seoithín, a leanbh, ó oíche go lá,
Agus sonas is aoibhneas i do
shaol duit.





Ríonaí

Rug duine éigin ar an liathróid,
Nuair a chaith tú chugainn í.
Cé aige a bhfuil an liathróid?
Inis dúinn, a Ríonaí!







Sa Zú

Leon, tíogar,
Nathair, béar, nathair, béar.

Leon, tíogar,
Nathair, béar, nathair, béar.

Moncaí, rón,
Sioráf is eilifint.

Chífeá iad go léir sa zú,
Ó, sa zú.



